



Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann
Tuarascáil Bhliantúil 2007

Clár Ábhair

Tuarascáil an chathaoirligh	4	Dlíodóirí	13
Réamhrá	4	Tuarascáil stiúrthóirí choimisiún lámhscríbhinní na héireann don tréimhse dár gcríoch 31 mí na nollag 2007	14
Bord, coistí agus fochoistí	4	Príomhghníomhaíocht	14
Coiste eagarthóireachta agus foilseacháin	5	Torthaí agus díbhinní	14
Fochoistí	5	Staid chúrsaí	14
Tasc forsa digitithe	5	Stiúrthóirí agus a spéiseanna	14
Coiste athbhreithnithe straitéiseach	6	Freagraíochtaí stiúrthóirí	15
I mí iúil 2007 cuireadh an dara fhochoiste le chéile, an coiste athbhreithnithe straitéiseach, chun plean straitéiseach don choimisiún a chur le chéile don toadhchaí. Leagfaidh an plean seo amach na priorachtaí don tréimhse 2008–11 do choimisiún lámhscríbhinní na héireann mar an phríomhfhóilsitheoir de bhunfhoinsí agus déanfar cur síos ar na gníomhaíochtaí atá le déanamh chun gur féidir na spriocanna seo a bhaint amach. Tháinig baill an choiste seo le chéile faoi thrí sa dara leath den bhliain, san áireamh bhí cruinniú a reachtáileadh ar 12 mí na samhna 2007 i bpáirc an chrócaigh nuair a fostaíodh éascaitheoir gairmiúil chun an méid is mó a fháil ó thorthaí an phlé. Cuirfidh an coiste athbhreithnithe straitéiseach a thuarascáil dheireannach os comhair an choimisiún uile i mbealtaine 2008. Cuirfear é seo os comhair na roinne ealaíon, spóirt agus turasóireachta ansan.	6	Leabhar na gcuntas	15
Foireann	7	Iniúcháirí	15
Seirbhísí	7	Choimisiún lámhscríbhinní na héireann teoranta	16
Foilseacháin agus tionscadail ar líne	7	Freagrachtaí na stiúrthóirí agus na niniúcháirí faoi seach	16
Analecata hibernica 40	7	Bunús na tuairime	17
Great parchment book of waterford	8	Tuairim	17
Digitíú	9	Cuntas ioncaim agus caiteachais	18
Qub/jstor agus analecta hibernica	9	Clár comhardaithe	19
Thompson gale agus stat-phaipeir ar líne	10	Ráiteas faoi shreabhadh airgid	20
Cistiu	10	Notai leis na raitis airgeadais	21
Eolas faoin gcuideachta	12	1. Polasaithe cuntasaiochta	21
Stiúrthóirí	12	1.1. Bunús an ullmhúcháin	21
Rúnaí	12	1.2. Ioncam	21
Uimhir thagartha charthanachta.	12	1.3. Sócmhainní seasta imláimhsithe agus luachlaghdú	21
Oifig chláraithe	12	1.4. Léasú	21
Iniúcháirí	13	1.5. Stoc	21
Baincéirí	13	1.6. Pinsin	21
		1.7. Cánachán	22
		2. Ioncam	22
		3. Barrachas don bhliain	22
		4. Fostaithe	22
		5. Costais pinsin	23
		6. Sócmhainní imláimhsithe	23
		7. Stoic	23
		9. Creidiunaithe: suimeanna dlite laistigh de bhliain amhain	24
		10. Imreiteach gluaisreachtaí i gcistí	24
		11. Beartaíochtaí páirtithe gaolmhara	24
		12. Máthairghnóthas	25
		13. Ceadú na raitis airgeadais	25

Réamhrá

Deineadh ionchorprú ar Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ), a bunaíodh i 1928, mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta ar 24 Eanáir 2006. Lean treoir Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann mar fhoilsitheoir bhun-ábhair do stair na hÉireann ar aghaidh ag teacht chun cinn le linn 2007 agus thug saothar dhá fhochoiste nua (sonraithe anseo thíos) spreagadh i dtéarmaí luacháil a dhéanamh ar ról tosaigh Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ) mar fhoilsitheoir fhoinsí príomha agus ar na bealaí go bhféadfadh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann feabhas a chur ar na seirbhísí a chuireann sé ar fáil agus ar an slí a chuirtear an tseirbhís úd ar fáil.

Leanann an Coimisiún ar aghaidh ag ardú a phróifil trí fhógraíocht in irisleabhair mhóréilimh agus cuirfidh na feabhsúcháin pleanáilte ar a láithreán gréasáin leis na slite gur féidir le daoine in Éirinn agus ar fuaid na cruinne teacht ar ábhar Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann agus é a cheannach.

Bord, coistí agus fochoistí

Tá 21 bhall/stiúrthóirí ar Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, tógtha ón bpobal acadúil agus na hinstitiúidí cultúrtha ar fuaid na hÉireann.

I 2007 bhí ballraíocht de dhuine is fiche ar bhord an Choimisiúin mar a leanas: James McGuire (Cathaoirleach), An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Maurice Bric, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Nicholas Canny, Institiúid de Móra, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; David Craig, Stiúrthóir, An Chartlann Náisiúnta; Mary Daly, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; David Dickson, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; Máiréad Dunlevy; David Edwards, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; Chris Flynn, An Roinn Ealaíon Spóirt & Turasóireachta, James Kelly, Coláiste Phádraig, Droim Conrach; Michael Kennedy, Cáipéisí faoi Pholasáí Eachtrach na hÉireann, Acadamh Ríoga na hÉireann; Máire Mac Conghail; John McCafferty, Institiúid Mhichíl Uí Chléirigh, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Deirdre McMahon, Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach; Aongus Ó hAonghusa, Stiúrthóir, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann; Thomas O'Connor, Ollscoil na hÉireann Má Nuad; Ruán O'Donnell, Ollscoil Luimnigh; Mary O'Dowd, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste; Jane Ohlmeyer, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; Anngret Simms, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Gerry Slater, Stiúrthóir, Oifig na dTaifead Poiblí Thuaisceart Éireann (PRO-NI). Seo a leanas baill onóracha an Choimisiúin: Francis J. Byrne, Louis Cullen, Geoffrey Hand agus Brian Trainor.

Is baill ex-officio an Choimisiúin iad stiúrthóirí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus An Chartlann Náisiúnta araon, chomh maith le príomhfheidhmeannach Oifig na dTaifead Poiblí Thuaisceart Éireann.

Bhí baill CLÉ, Máire Mac Conghail agus Mary Daly ar bhord imeachta Chomhairle na Cartlainne Náisiúnta.

Coiste Eagarthóireachta agus Foilseacháin

Tá an buanchoiste seo ann chun léirmheas a dhéanamh ar mholtaí i gcomhair foilseacháin a chuirtear os comhair an Choimisiúin de réir chritéir atá leagtha síos agus chun moltaí oiriúnacha a chur faoi bhráid an Choimisiúin uile. Diúltaíonn an Coimisiún moladh nó glactar leis i bprionsabal. Seo a leanas baill an Choiste Eagarthóireachta agus Foilseacháin i 2007: James McGuire, Nicholas Canny, David Edwards, James Kelly, Michael Kennedy, Máire Mac Conghail, Mary O'Dowd agus Jane Ohlmeyer.


Fochoistí

Le linn 2007 cuireadh tús le dhá fhochoiste. Bunaíodh an chéad cheann, an Tasc Fórsa Digitithe, ar iarratas ón Roinn Ealaíon Spóirt & Turasóireachta agus dhein sé cioradh ar cheist an digitiú ar mhaithe le cáipéis pholasaí a chur le chéile don choimisiún ar an ábhar seo. Cuireadh an dara coiste, an Coiste Athbhreithnithe Straitéiseach, le chéile chun plean straitéiseach don Choimisiún a fhorbairt don tréimhse 2008–11.

Tasc Fórsa Digitithe

Ceist suntasach do phobail na hoidhreacht cultúrtha agus na n-ealaíon agus na ndaonnachta is ea Digitíú. Cuireadh an Tasc Fórsa Digitithe le chéile, faoi chathaoirleacht an Ollaimh Jane Ohlmeyer, ó bhaill an Choimisiúin agus ó institiúidí leasmhara ar fuaid na hÉireann. Reachtáil an tasc fórsa trí chruinniú (gnáth agus teicniúil) idir Eanáir agus Márta 2007 agus mar cheann scríbe a chúram reachtáileadh cruinniú le saineolaithe na ceiste ar an Aoine 27 Aibreán.

Ina dhiaidh seo eagraíodh seimineár, le lucht éisteachta ar cuireadh ó na rannóga Rialtais, Oidhreacht Chultúrtha agus na Daonnachta, ar 28 Aibreán 2007 le heochairchainteoirí Geneviève Allard (Leabharlann agus Cartlann Cheanada), Seamus Ross (Institiúid ArdTeicneolaíochta na nDaonnachtaí agus na Faisnéise), Dirk Roorda (Cartlannú Sonraí agus Seirbhísí Gréasánacha, An Ísiltír) agus Susan Schreibman (Déin Cúnta, Bailiúcháin agus Taighde Digiteach, Ollscoil Maryland). Ag claoi le spiorad na ceiste, deineadh taifeadú ar chur i láthair an phainéil idirnáisiúnta agus tá siad ar fáil mar phodchraoltaí mar aon lena gcur i láthair shleamhnáin ar láithreán gréasáin an Choimisiúin - www.irishmanuscripts.ie. Cuireadh an cháipéis pholasaí curtha le chéile ag an tasc fórsa os comhair an Choimisiúin i mBealtaine 2007 agus tá sé ar fáil chomh maith (ar leagan PDF) ar láithreán gréasáin an Choimisiúin.



Cuir James McGuire agus Jane Ohlmeyer moltaí na cáipéise os comhair Niall Ó Donnchú, Ard-Rúnaí Cúnta, An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, ar bhonn oifigiúil ar an 27 Meán Fómhair.

I measc baill an tasc fhórsa bhí: Jane Ohlmeyer (cathaoirleach), Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; Maurice Bric (An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath), Nicholas Canny (Institiúid de Móra, Ollscoil na hÉireann Gaillimh), Chris Flynn (An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta), Thomas O'Connor (Ollscoil na hÉireann, Má Nuad) agus Gerry Slater (Oifig na dTaifead Poiblí Thuaisceart Éireann) ó Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann agus Catriona Crowe (An Chartlann Náisiúnta), John Keating (Ollscoil Na hÉireann Má Nuad), John McDonough (Leabharlann agus Cartlann Fhíorúil na hÉireann um Thaighde, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath), Katherine McSharry (Leabharlann Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath), Marie Reddan (Leabharlann Ollscoil na hÉireann, Gaillimh), Brian McKenna (Leabharlann Náisiúnta na hÉireann) agus Larry Murray (Oifig na dTaifead Poiblí Thuaisceart Éireann) ó roinnt de na hInstitiúidí leasmhara.

Coiste Athbhreithnithe Straitéiseach

I mí Iúil 2007 cuireadh an dara fhochoiste le chéile, an Coiste Athbhreithnithe Straitéiseach, chun plean straitéiseach don choimisiún a chur le chéile don toadh. Leagfaidh an plean seo amach na priorachtaí don tréimhse 2008–11 do Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann mar an phríomhfhoilsitheoir de bhunfhoinsí agus déanfar cur síos ar na gníomhaíochtaí atá le déanamh chun gur féidir na spriocanna seo a bhaint amach. Tháinig baill an choiste seo le chéile faoi thrí sa dara leath den bhliain, san áireamh bhí cruinniú a reachtáileadh ar 12 Mí na Samhna 2007 i bPáirc an Chrócaigh nuair a fostaíodh éascaitheoir gairmiúil chun an méid is mó a fháil ó thorthaí an phlé. Cuirfidh an Coiste Athbhreithnithe Straitéiseach a thuarascáil dheireannach os comhair an Choimisiúin uile i mBealtaine 2008. Cuirfear é seo os comhair na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta ansan.

Seo a leanas baill an Choiste Athbhreithnithe Straitéisigh: James McGuire (cathaoirleach), An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Nicholas Canny, Institiúid de Móra, Ollscoil Na hÉireann, Gaillimh; David Edwards, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; Chris Flynn, An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta; James Kelly, Coláiste Phádraig, Droim Conrach; Michael Kennedy, Cáipéisí faoi Pholasáí Eachtrach na hÉireann, Acadamh Ríoga na hÉireann; Máire Mac Conghail; John McCafferty, Institiúid Mhíchíl Uí Chléirigh, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Deirdre McMahon, Coláiste Mhuire Gan Smál, Ollscoil Luimnigh; Mary O'Dowd, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste; Jane Ohlmeyer, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath; Anngret Simms, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Gerry Slater, Stiúrthóir, Oifig na dTaifead Poiblí Thuaisceart Éireann.

Foireann

Ag tosnú ó Mhí na Samhna 2007 cuireadh cúntóir riaracháin páirtaimseartha ar fáil ar chonradh seachtainiúil ó Select Appointments PLC. Chabhraigh sé seo go mór le gnáth riaracháin Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann.

Seirbhísí

Ó bunaíodh a láithreán gréasáin i 2004, tá ardú tagtha sa mhéid teagmhála atá faighte ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann ón bpobal trí ríomh-phost, ghuthán agus litreacha. Tá na teagmhálacha seo náisiúnta agus idirnáisiúnta, ag teacht go rialta ón Astráil, ón Nua Théalainn, óna Stáit Aontaithe agus ó Mhór-Roinn na hEorpa.

Sa mhéid agus gur féidir, déanann Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann gach iarracht cabhrú le fíorasaitheoirí agus tugtar cabhair chun teacht ar ábhair atá in imleabhair níos luaithe den *Analecta Hibernica* (ceann de na iarratais is coitianta) agus ina bhfoilseacháin nach bhfuil i gcló níos mó. Sa bhliain 2007 deineadh forbairt ar roinnt mhaith tionscadail digtíthe a bhain le hábhar Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (féach thíos) a chuirfidh le láimhseáil ceisteanna dá leithéad agus a thaispeánann an bealach chun cinn maidir le teacht ar agus le caomhnú saothair foilsithe uile Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann ó 1930.

Foilseacháin agus tionscadail ar líne

Tharla roinnt forbairtí spreagúla maidir le conarthaí foilsitheoireachta ar líne a bhaineann le foilseacháin sean agus nua de chuid Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. I 2007 foilsíodh an 40ú imleabhar den *Analecta Hibernica*, sraitheachán Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Go déanaigh i 2007 foilsíodh an dara leabhar sa tsraith Leabhair Bhaile, eagrán Niall Byrne den *The great parchment book of Waterford*, agus tagann sé i ndiaidh foilsíú eagrán Bhríd McGrath den *The minute book of the corporation of Clonmel, 1608–1649* (2006).

Analecata Hibernica 40

Foilsithe i Mí na Nollag 2007, tá réimse de bhuncháipéisí a bhaineann leis an ré mheánaoiseach, ré na nua-aoise luath agus ré nua-aimseartha in imleabhar *Analecta Hibernica* 40. I measc na buaicphointí tá ‘The Lucas diary, 1740–41’ curtha in eagar ag Brian Ó Dálaigh. Dialann feirme agus leabhar sleachtanna bunúsacha suimiúil atá sa leabhar seo, ina bhfuil cur síos ar stoc, ar chaiteachas na feirme agus ar fhostaíochta na n-oibrithe lae, mar aon le go leor nithe eile i saol bhall d’Eaglais na hÉireann atá ar chéim níos isle ná leibhéal na mionuaisle, a raibh tuairiscithe níos fearr. Tá ceann de na cuntais is luachmhara, le hinnéacs chuimsitheach, faoin saol agus eacnamaíocht sa chéad leath den ochtú aois déag ar fáil anois trí fhoilseacháin an leabhair seo. Buaicphointe eile d’imleabhar 40 de *Analecta Hibernica* is ea eagrán de chuid Patrick Kelly ‘A disquisition touching that great ques-

tion whether an act of parliament made in England shall bind the kingdom and people of Ireland without their allowance and acceptance of such act in the kingdom of Ireland’ ó Sir William Domville. Aithnítear go bhfuil an ‘Domville Disquisition’ ar ceann de na ráitis is tábhachtaí a thugann ta-
caíocht do neamhspleáchas dlí Ríocht na hÉireann, agus anseo cuireann Patrick Kelly téacs críochnaitheach ós ár gcomhair, leis na hil-léarnha go léir. Bhí cuntais iarbháis faoi bheirt iarbhall de chuid Choimisiún Lámh-
scríbhinní na hÉireann in *Analecta Hibernica* 40 chomh maith —Margaret Griffith and Breandán MacGiolla Choille.

Great Parchment Book of Waterford

Caomhnaithe sa Waterford Museum of Treasures, taifead ar leith ar bhardas Éireannach atá sa Great Parchment Book. Curtha le chéile idir lár na cúigiú aoise déag agus na seachtú aoise déag, tá cóipeanna de thaifid ann a bhaineann le cathair Phort Láirge ag dul ar ais go tús na tríú aoise déag. Dá bhrí sin tugann sé cur síos sonraithe faoi stair Phort Láirge ón ré mheánaoiseach go dtí blianta suaite na 1640í. Scríofa i dtosach i bhFraincis na Normannach, Laidin agus Béarla, tá aistriúcháin go Béarla den téacs uile in eagrán Niall Byrne agus dá bhrí sin tá an lámhscríbhinn luachmhar ar fáil do léitheoireacht leathan don chéad uair. Ábhair is díol suime ar leith ná na fóilíonna maisithe, a bhfuil na cinn is suntasaí atáirgthe go lándaiteach. Léiríonn siad an mhí-shuaimhneas laistigh de phobal an bhardais faoi ath-
ruithe reiligiúnacha agus polaitíochta deireadh na séú haoise déag agus na seachtú haoise déag.

Aontaíodh i lár 2007 go gcuirfí foilsíú dhá tionscadal mór —*Papers of the Dublin Philosophical Society, 1683–1709* (i ndá imleabhar) de chuid Theo Hoppen agus *The correspondence of James Ussher, archbishop of Armagh, 1600–1656* (i dtrí imleabhar) de chuid Elizabethanne Boran a bhí le déanamh i 2007, ar aghaidh go 2008. De bharr toirte an dhá eagrán seo, bhíodhas den tuairim go mbeadh sé mí-stuama iad a fhoilsíú go dtí gur féidir dearbhú a thabhairt do Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann nach ndéantar comhghéilleadh ar a ardchaighdeán foilsitheoireachta.

Digitú

Tá an cumadh ar an scéal go bhfuil digitú i ngach foirm, imithe i bhfeidhm ar gach gné de shaothar an Choimisiúin i 2007. Mar aon le saothrú a fhochoiste féin, rinne dhá chomhpháirtí tráchtála teagmháil le Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann le moltaí chun foilseacháin de chuid Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann a chlúdú i dtionscadail suntasacha digiteacha ar-líne.

Tugadh cuireadh do Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann gach eagrán reatha agus iar-eagrán dá fhoilseacháin sraithe *Analecta Hibernica* a chuir faoi bhráid chomhthionscadail idir Special Collections Unit de chuid

Ollscoil na Banríona, Béal Feirste (QUB) agus JSTOR den teideal 'A Digital Library of Core Resources on Ireland' nó DLCMI. Ba é an t-iar Thompson Gale (anois Cengage Learning) a chuir isteach an moladh a bhaineann le himleabhair Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann sa tsraith Calendar of State Papers.



QUB/JSTOR agus Analecta Hibernica

Thartréimhse dhá bhliain, cuirfidh comhthionscadal QUB/JSTOR leaganacha digiteach inbhuaine ar fáil de 100 teideal irise ar a laghad, 205 monograf agus 2,500 leathanach de lámhscríbhinn a bhaineann leis an Léann Éireannach, ina measc tá iris Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann Analecta Hibernica. Tá ardú suntasach tagtha ar an Léann Éireannach in Éire agus an Bhreatain Mhór, sa Eoraip, i Meiriceá Thuaidh agus sna Fritíortha agus de réir a nádúr is ábhar ildisciplíneach é, ina bhfuil stair, tír eolas, teanga, litríocht agus na heolaíochtaí aiceanta. Is beag ríomhacmhainní cuimsitheacha atá ann don Léann Éireannach, agus is gnáth do na hábhair ábharthacha a bheith scaipthe. Sa chomhthéacs seo, tá QUB in áit mhaith chun ceannasaíocht a thógaint ar thionscadal úrnua chun na ríomhacmhainní atá ar fáil faoin Léann Éireannach do mhic léinn ar fuaid an domhain a mhéadú. Trí aontuithe ar leith le roinnt foilsitheoirí irise, Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann ina measc, cuirfear irisí reatha atá i gcóipcheart ar fáil ar-líne ag an am gcéanna le teidil nach bhfuil cóipcheart orthu níos mó chomh maith le rochtain a cheadú ar na ríomhacmhainní Léann Éireannach atá ann faoi láthair. Ceann de fho-iarsmaí dearfacha an aontaithe seo do Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann ná go bhfuilid chun na comhaid digitithe a chruthófar le linn tionscadail QUB/JSTOR a chuir ar fáil do Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann agus dá bhrí sin go gclúdófar iad ina phleananna féin chun foilseacháin Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann a dhigitiú agus a chur ar fáil mar chuid dá théarmaí tagartha chun teacht ar fhoinsí príomha na startha Éireannach a chur chun cinn.

Thompson Gale agus Stát-pháipéir Ar Líne

Sa dara leath de 2007 d'aontaigh an Coimisiún páirt a ghlacadh sa dara tionscadal digitithe: Is tionscadal de chuid Thompson Gale (Cengage Learning anois) é State Papers Online. Is é atá sa bhailiúchán tábhachtach seo ná sraith cháipéisí Rialtas Shasana ón séu agus seachtú aois déag ina bhfuil eolas faoi gach gné den rialtas baile agus eachtrach, cúrsaí sóisialta agus eacnamaíochta, riail agus reacht, polasaí creidimh, iarmhais corónach agus bailiú faisnéise chomh maith le caidreamh idirnáisiúnta agus polasaí eachtrach na Breataine. Tá cartlanna oifige agus comhfhreagras Rúnaithe Stáit an Rí sna Páipéir mar cháipéisí macasamhla a bhfuil teacht díreach orthu nó trí iontrálacha féilire gur féidir iad a chuardach go hiomlán (coimrithe nó trasríobhaithe). Tá baint ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann i léiriú eagrán nua de roinnt imleabhair éagsúla a bhaineann le hÉire agus tá sé aontaithe i bprionsabal na himleabhair seo a chur ar fáil don tionscadal Thompson Gale faoi réir ag moill sé mhí ó fhoilsiú priontála.

Cistiú

Ba mhaith liom an cistiú a bhfaigheann Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta a admháil. Gan an deontas i gcabhair curtha ar fáil ag an Roinn, ní bheadh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann in ann a shainchúram a bhaint amach. Ba cheart go mbeimis in ann ár gclár foilseacháin do 2007–8 a chríochnú lenár ndeontas reatha. Braitheann ár bpleanáil uile don bhliain seo chugainn ar an gcistiú seo.

Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil anseo le baill Ionaid na nInstitiúid Cultúrtha sa Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta a bhí ag obair i gcomhar le Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann ar son na Roinne ar fuaid 2007: Eamonn Mac An Bheatha, Peadar Caffrey agus Vera Kelly. Táimid ag súil le leanúint ar aghaidh leis an ngaol tábhachtach atá cruthaithe againn le blianta beaga anuas ar mhaithe le feidhmeanna Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann mar fhoilsitheoir bhunábhair stair agus cultúr na hÉireann a bhuanú chomh maith lena staid mar nasc tábhachtach idir phobal na hoidhreacht cultúrtha agus pobal níos leithne na taighdeoirí daonnachta a fhorbairt.

Ar deireadh ba mhaith liom an mhéid a scríobh mé i mo thuarascáil do 2006 a rá arís: is é sin nach bhfaigheann baill Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann aon luach saothair dá gcuid oibre, gan a ranníocaíocht siúd ní bheadh an Coimisiún in ann a théarmaí tagartha a bhaint amach. Táthar ag cothú traidisiúin na seirbhíse seo don Scoláireacht agus don Stát ó bhunú an Choimisiúin i 1928. Is é an Cathaoirleach amháin a bhfaigheann airgead onóra.

Ar son an Choimisiúin tréaslaím a cheapachán mar Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta i Meitheamh 2007 le Séamus Brennan, T.D. agus dearbhaím leis cinneadh an Choimisiúin gur féidir braith orthu.

James McGuire

CATHAOIRLEACH

January 2008

Stiúrthóirí

James McGuire (Cathaoirleach), An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
 Maurice Bric, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
 Nicholas Canny, Institiúid de Móra, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
 David Craig, Stiúrthóir, An Chartlann Náisiúnta
 Mary Daly, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
 David Dickson, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
 Máiréad Dunlevy
 David Edwards, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
 Chris Flynn, An Roinn Ealaíon Spóirt & Turasóireachta
 James Kelly, Coláiste Phádraig, Droim Conrach
 Michael Kennedy, Cáipéisí faoi Pholasáí Eachtrach na hÉireann, Acadamh
 Ríoga na hÉireann
 Máire Mac Conghail
 John McCafferty, Institiúid Mhíchíl Uí Chléirigh, An Coláiste Ollscoile, Baile
 Átha Cliath
 Deirdre McMahon, Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach
 Aongus Ó hAonghusa, Stiúrthóir, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
 Thomas O'Connor, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad
 Ruán O'Donnell, Ollscoil Luimnigh
 Mary O'Dowd, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste
 Jane Ohlmeyer, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
 Anngret Simms, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
 Gerry Slater, Stiúrthóir, Oifig na dTaifead Poiblí Thuaisceart Éireann

Rúnaí

Cathy Hayes

Cláruimhir na cuideachta

414351

Uimhir Thagartha Charthanachta.

CHY 17206

Oifig Chláraithe

45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, Éire

Iniúcháirí

Duignan, Carthy, O'Neill, 84 Bóthar Northumberland, Droichead na
 Dothra, Baile Átha Cliath 4

Baincéirí

Banc na hÉireann, 39 Faiche Stiofáin, Baile Átha Cliath 2

Dlíodóirí

Donal T. McAuliffe & Co., 57 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil agus ráitis airgeadais ar fáil don bhliain dár gcíoch 31 Mí Nollag 2007.

Príomhghníomhaíocht

Deineadh an chuideachta a ionchorprú ar 24 Eanáir 2006 agus cuireadh tús le trádáil ar an lá céanna.

Is í príomhghníomhaíocht na cuideachta don bhliain atá faoi athbhreithniú ná litríocht a fhoilsiú a spreagann feachtas faoi agus rochtain do na bunábhair a bhaineann le stair, oidhreacht agus cultúr na hÉireann, agus leanfaidh sé seo ar aghaidh mar phríomhghníomhaíocht na cuideachta don todhchaí.

Torthaí agus Díbhinní

Is é €7,661 farasbarr na bliana tar éis dímhéas a thógaint san áireamh (2006–€34,928).

Tá sé i gceist ag na stiúrthóirí an farasbarr seo a choimeád ar mhaithe le tionscadail sa todhchaí a mhaoiniú sna blianta amach romhainn.

Staid Chúrsai

Tá staid reatha na cuideachta sásúil i dtuairim na stiúrthóirí agus níl aon bhun-athrú tagtha ó dháta an chláir comhardaithe.

Tá stiúrthóirí Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann Teoranta ar an eolas faoi na dualgais reachtúla maidir le hathbhreithniú cothrom faoi fhorbairt agus ghníomhú na cuideachta a sholáthar. Tá na stiúrthóirí sásta gurab é an baol is mó atá os comhair na cuideachta ná infhaighteacht cistiú leanúnach ón Rialtas. Tá aghaidh tugtha ag na stiúrthóirí ar seo trí chaiteachas ciallmhar cistithe faighte go dtí seo.

Stiúrthóirí agus a Spéiseanna

Tá an chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal ag an gcuideachta. Geallann gach ball den chomhlacht cabhrú le sócmhainní na cuideachta dá mbeadh deireadh á chur leis fhaid is bhfuil sé/sí ina b(h)all nó laistigh de bhliain amháin ina dhiaidh di/dó a bheith a b(h)all, ar mhaithe le fiacha agus dliteanais na cuideachta a íoc sar a chuireann sé/sí deireadh lena t(h)réimhse mar bhall, chomh maith leis na costaisí agus táillí a bhaineann le foirceannadh, agus oiriúnacht cearta na ranníocóirí ina measc féin, an méid a d'fhéadfadh a bheith de dhíth, nach bhfuil níos mó ná euro amháin.

Freagraíochtaí Stiúrthóirí

Tá dualgas ar na stiúrthóirí faoi dhlí na gcuideachtaí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann dearcadh fíor agus cóir faoi staid reatha na cuideachta agus faoi fharasbarr nó easnamh na cuideachta don bhliain sin. Nuair atá siad seo á ullmhú tá sé de dhualgas ar na stiúrthóirí:

- polasaithe oiriúnacha cuntasáiochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn seasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnólachta leantaigh ach amháin muna bhfuil sé oiriúnach a thiomhdiú go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta cearta a choimeád a thaispeánann le cruinneas réasúnta ag aon am staid airgeadais na cuideachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2006. Tá siad freagrach chomh maith as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá bhrí tá siad freagrach as céimeanna réasúnta a thógaint chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a aimsiú agus a sheachaint.

Leabhar na gCuntas

Seo a leanas na beartais atá tógtha ag na stiúrthóirí chun géilliúntas le riachtanais Rannóg 202, Acht na gCuideachtaí, 2001, maidir le leabhair cuntais ceart a chinntiú: cur i bhfeidhm polasaithe agus nósanna imeachta atá riachtanach chun idirbhearta a thaifead, fostú pearsanra cuntasáiochta inniúil le saineolas cuí agus soláthair dóthain acmhainní don bhfeidhm airgeadais. Coimeádtar leabhar na gcuntas i 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.





Iníúcháirí

Tá curtha in iúl ag na hiniúcháirí, Duignan Carthy O'Neill, Cuntasóirí Cairte, go bhfuil siad sásta leanúint ar aghaidh in oifig de réir fhorálacha Rannóg 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Ar son an Bhoird

James Ivan McGuire
Stiúrthóir
19 Feabhra 2008

Máire Mac Conghail
Stiúrthóir
19 Feabhra 2008



Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann Teoranta don bhliain dár gcríoch 31 Mí na Nollag 2007 ar leathanaigh 17–24, ina bhfuil Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, Clár Comhardaithe agus nótaí leasmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi pholasaithe cuntasáiochta atá leagtha amach ar leathanach 20.

Déantar an tuarascáil seo do bhaill na cuideachta amháin, mar chomhlacht, de réir Rannóg 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990. Thugamar faoinár obair iniúcháir chun na nithe a chur os comhair bhaill na cuideachta atá riachtanach sa dlí le bheith clúdaithe i dtuarascáil iniúcháir agus ní i gcomhair aon chúis eile. Sa mhéid atá ceadaithe faoin dlí ní ghlacfaimid nó ní thógfaimid aon fhreagracht ó éinne seachas an chuideachta agus baill na cuideachta mar chomhlacht, dá obair iniúcháir, don tuarascáil seo, nó do na tuairimí atá cruthaithe againn.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus na nIniúcháirí faoi seach

Mar atá ráite ar leathanaigh 13–14 tá stiúrthóirí na cuideachta freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú de réir na ndlíthe infheidhme agus na gcaighdeán cuntasáiochta a eisíonn an Bord um Chaighdeán Chuntasaíochta agus a chraobhscaoileann Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Na Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leo go Coitianta in Éirinn).

Is é ár ndualgas na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na ndlíthe agus na rialuithe ábhartha agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscimid duit ár dtuairim faoina bhfuil dearcadh fíor agus cruinn i gceist sna ráitis airgeadais seo de réir Cleachtais Cuntasaíochta Choitianta in Éirinn agus gur ullmhaíodh iad de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 to 2006. Tuairiscimid duit chomh maith ár dtuairim ar choimeád nó nár choimeád an chuideachta leabhair cuntas cuí; agus an bhfuil nó nach bhfuil an t-eolas a tugadh i dTuarascáil na Stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais. Sa bhreis ar seo, sonraímid cé acu a fuairamar nó nach bhfuairamar an t-eolas agus na mínithe ar fad a bhí riachtanach dár n-iniúchadh agus cé acu atá clár comhardaithe na cuideachta agus a cuntas brabúis agus caillteanais i gcomhréir leis na leabhair chuntais nó nach bhfuil.

Tuairiscimid do na baill munar nochtadh, inár dtuairim, aon eolas sonraithe sa dlí maidir le luach saothair na stiúrthóirí agus bearta na stiúrthóirí agus, más féidir, a leithéad d'eolas a chur inár dtuarascáil. Léimid an t-eolas eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus breithnímid cé acu atá nó nach bhfuil

sé i gcomhréir leis na ráitis airgeadais iniúchta. Cuimsíonn an t-eolas eile sin tuarascáil na Stiúrthóirí amháin. Breithnímid ar na himpleachtaí dár dtuarascáil má fhaighimid amach faoi aon mhírátis dhealraitheacha nó aon neamhréir ábhartha sna ráitis airgeadais. Ní aon chuid dár bhfreagrachtaí aon eolas eile a chlúdach.

Bunús na tuairime

Stiúireamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúchta a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúcháireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire). Is cuid den iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar an bhfianaise a bhaineann leis na suimeanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais. Clúdaíonn sé chomh maith measúnú ar na meastacháin agus ar na breithiúnais shuntasacha a dhein an Coimisiún agus é ag ullmhú na ráitis airgeadais, agus cé acu atá nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca an Ghrúpa, ar cuireadh i bhfeidhm go comhleanúnach iad agus a deineadh iad a nochtadh go leordhóthanach.

Phleanálar agus dheineamar ár n-iniúchadh ionas go bhfaighimis gach eolas agus míniú a cheapamar a bheith riachtanach chun leordhóthain fianaise a fháil agus deimhniú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó mírialtachta nó earráide. Chun teacht ar ár dtuairim mheasamar freisin cé chomh sásúil is a bhí cur i láthair an eolais sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Is é ár dtuairim:

- go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíreannach cothrom, de réir na gcleachtas cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn, ar ghnóthaí an chuideachta mar a bhí ar 31 Mí na Nollag 2007 agus ar fharasbarr agus shreabhaidh airgid don bhliain dar críoch sin; agus
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir riachtanais Achtana na gCuideachtaí, 1963 to 2006.





Fuaireamar an t-eolas agus na mínithe ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta. Táimid den tuairim go gcoimeádann an chuideachta leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais agus na leabhair chuntais de réir a chéile.

Is é ár dtuairim go bhfuil an t-eolas a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 13-14 i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

84 Bóthar Northumberland
Droichead na Dothra
Baile Átha Cliath 4

Duignan Carthy O'Neill
Cuntasóirí Cairte
Iniúchoirí Cláraithe

Dáta: 19 Feabhra 2008



Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dár gcríoch 31 Mí na Nollag 2007.

		Oibríochtaí Leanúnacha	
		2007	2006
	Nótaí	€	€
Ioncam – Díolacháin Leabhar		16,908	35,710
Ríchíosa	2	487	-
Cíos Seomra		220	-
Réamh-mheas ar Chostas Díolachán		(69,493)	(53,163)
Oibriúchán (easnamh)		(51,878)	(17,453)
Deontas ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta		193,085	160,000
Costaisí Riaracháin		(133,726)	(107,718)
Barrachas na Bliana	3	7,481	34,829
Ús isteach agus ioncam cosúil leis		180	99
Barrachas coimeádta na Bliana		7,661	34,928
Barrachas coimeádta tugtha ar aghaidh		34,298	-
Barrachas coimeádta tugtha ar aghaidh		42,589	34,928

Níl aon ghnóthachain nó caillteanais aitheanta seachas an brabús nó caillteanas don dhá bhliain airgeadais thuasluaite.

Bhí na Ráitis Airgeadais ceadaithe ag an mBord ar 19 Feabhra 2008 agus sínithe ar a son ag

James Ivan McGuire

Stiúrthóir

Máire Mac Conghail

Stiúrthóir

Clár Comhardaithe

Clár Comhardaithe ar 31 Mí na Nollag 2007

		2007	2006
	Nótaí	€	€
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Imláimhsithe	6	18,796	5,688
Sócmhainní Reatha			
Stoic	7	28,602	46,147
Féichiúnaithe	8	4,895	8,305
Airgead sa bhanc agus ar láimh		239,326	143,743
		272,823	198,195
Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin	9	(94,199)	(14,124)
Glansócmhainní Reatha		178,624	184,071
Sócmhainní iomlán gan Dliteanas Reatha		197,420	189,759
Caipitil agus Cúlchistí			
Ranníocaíocht Chaipitil		154,831	154,831
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		42,589	34,928
Cistí	10	197,420	189,759

The financial statements were approved by the Board on 19 February 2008 and signed on its behalf by:

James Ivan McGuire

Stiúrthóir

Máire Mac Conghail

Stiúrthóir

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Ráiteas faoi shreabhadh airgid don bhliain dár gcríoch 31 Mí na Nollag 2007

	2007	2006
	€	€
Imréiteach brábús oibriúcháin le glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Brábús Oibriúcháin	7,481	34,829
Luachlaghdú	5,054	1,422
Laghdú / (Méadú) i stoic	17,545	(46,147)
Laghdú / (Méadú) i féichiúnaithe	3,410	(8,305)
Méadú i gcreidiúnaithe	80,075	14,124
Glan-insreabhadh airgid /(eis-sreabhadh) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	113,565	(4,077)
Ráiteas faoi shreabhadh airgid		
Glan-insreabhadh airgid /(eis-sreabhadh) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	113,565	(4,077)
Tuairisceáin ar infheistíochtaí agus seirbhísiú maoiniú	180	99
Caiteachas Caipitil	(18,162)	(7,110)
Ioncam Iarchurtha	-	-
Méadú /(Laghdú) in airgead sa bhliain	95,583	(11,088)
Imréiteach sreabhadh airgid thirim le gluaiseacht sna glanchistí		
Méadú /(Laghdú) in airgead sa bhliain	95,583	(11,088)
Ranníocaíocht Chaipitil	-	154,831
Athrú sna glanchistí mar thoradh ar shreabhadh airgid thirim	95,583	143,743
Glanchistí ar 1 Eanáir 07	143,743	-
Glanchistí ar 31 Mí na Nollag 2007	239,326	143,743

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dár gcríoch 31 Mí na Nollag 2007.

1. Polasaithe Cuntasaíochta

1.1. Bunús an Ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh go coitianta leo in Éirinn agus reachtanna Éireannacha cuimsithe in Achtanna na gCuideachtaí, 1963 to 2006. agus comhlíonann siad caighdeán tuairiscithe airgeadais an Bhoird um Chaighdeán Chuntasaíochta ag tabhairt dearcadh fírinneach agus cothrom de réir mar a chraobhscoileann Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn iad agus eisithe ag an mBord um Chaighdeán Chuntasaíochta.

1.2. Ioncam

Seasann ioncam don ioncam iomlán a tháinig isteach ó dhíolacháin leabhar a bhain leis an mbliain.

1.3 Sócmhainní Seasta Imláimhsithe agus Luachlaghdú

Soláthraítear luachlaghdú ag na rátaí bliantúla seo a leanas áirithe chun an costas móide an luach iarmharach gach sócmhainn a díscríobh os cionn a bheatha ionchais úsáideach ar bhonn dhronlíne, mar a leanas:

Daingneáin agus Feistis agus ríomhairí – 20%

Déantar athbhreithniú do lagú gach bliain ar luachanna iompar na sócmhainní seasta imláimhsithe i dtréimhsí más rud é go gciallaíonn imeachtaí nó athraithe i gcúinsí nach bhfuil an luach iompair in-aisghabhála.

1.4. Léasú

Tá cíosanna gearrtha faoi léasanna oibriúcháin gearrtha i gcoinne ioncam ar bhonn dhronlíne thar tréimhse an léasa.

1.5. Stoc

Déantar luacháil ar stoic leabhar ag an luach is ísle de chostas agus glan luach inréadaithe. De bharr go mbíonn méid na leabhar a foilsíodh ag a leibhéil is airde sa chéad dhá bhliain tar éis dáta a bhfoilsithe, tá na stiúrthóirí den tuairim gan ach leabhair a foilsíodh laistigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana a thógaint san áireamh i luach an stoic. Tá fuilleach na stoic leabhar a ndéantar foráil ina gcoinne as feidhm nó mall á dhíol.

1.6 Pinsin

Is ionann na costaisí pinsean a luaitear sna ráitis airgeadais agus an ranníocaíocht iniúchta ag an gcuideachta i rith na bliana.

Tá an costas rialta a bhaineann le pinsin scoir agus na leasanna ábharthacha a sholáthar luaite sa chuntas ioncaim agus caiteachais thar seirbhís na bhfostaithe bunaithe ar chéatadán seasmhach tuilleamh.

1.7 Cánachán

Tá an chuideachta díolmhaithe ó chánachán toisc a stádas mar charthanacht. (Uimhir Chánachán Carthanachta: 17206)

2. Ioncam

Tagann ioncam iomlán na cuideachta don tréimhse óna phríomhghníomhaíocht tugtha faoi in Éirinn go huile agus go hiomlán.

3. Barrachas don Bhliain

	2007	Tréimhse 24/01/2006 – 31/12/2006
	€	€
Tá barrachas na bliana curtha in iúl tar éis na nithe seo a leanas a ghearradh:		
Luachlaghdú sócmhainní seasta	5,054	1,422
Luach saothair Stiúrthóirí	10,500	10,500
Cíosanna Léasanna Oibriúcháin		
- Monarcha agus Innealra	687	-
Luach Saothair Iniúcháirí	3,812	3,630
agus tar éis creidiúniú:		
Deontais Rialtas	(193,085)	160,000

Tá dliteanas teagmhasach ann chun deontais rialtas faighte a ais-íoc munar úsáideadh an deontas don chúis gur cuireadh ar aghaidh é.

4. Fostaithe

Líon na bhFostaithe

Seo a leanas meán-uimhreacha míosúla na bhfostaithe le linn an tréimhse:

	2007	Tréimhse 24/01/2006 – 31/12/2006
	Number	Number
Líon na bhFostaithe	2	2

Déantar anailísiú ar chostas foirne sa chuntas brabúis agus caillteanais mar a leanas:

	2007	Period 24/01/2006 – 31/12/2006
	€	€
Tuarastail agus pinsean	47,972	16,226
Pinsean	5,426	1,623
Luach Saothair Stiúrthóirí	10,500	10,500
Costais Leasa Sóisialaigh	5,225	2,637
	69,123	30,986

5. Costais Pinsin

Ba é €5,426 (2006 – €1,623) iomlán na gcostaisí pinsin

6. Sócmhainní Imláimhsithe

	Daingneáin agus Feistis	Iomlán
Costas	€	€
Ar 1 Eanáir 2007	7,110	7,110
Suimithe	18,162	18,162
Ar 31 Mí na Nollag 2007	25,272	25,272
Luachlaghdú		
Ar 1 Eanáir 2007	1,422	1,422
Táille don tréimhse	5,054	5,054
Ar 31 Mí na Nollag 2007	6,476	6,476
Glan-Luachanna Leabhar		
Ar 31 Mí na Nollag 2007	18,796	18,796
Ar 31 Mí na Nollag 2006	5,688	5,688

Deineadh an chuideachta a ionchorprú ar 24 Eanáir 2006 agus bronnadh troscán agus trealamh oifige eile le luach de thuairim is €48,710 ó Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Aithnítear na sócmhainní seo sna suimithe thuas ag luach ainmniúil de €1.

7. Stoic

	2007	2006
	€	€
Earraí críochnaithe – Leabhair	28,602	46,147
	28,602	46,147

Tá luach stoic na leabhar curtha níos ísle ná costas agus glan-luach inréadaithe.

8. Féichiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin

	2007	2006
	€	€
Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhraithe	4,895	8,305

9. Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin

	2007	2006
	€	€
Cánacha eile agus costaisí Leasa Shóisialaigh	715	-
Creidiúnaithe eile	3,910	-
Fabhruithe	35,161	14,124
Ioncam iarchurtha	54,413	-
	94,199	14,124

10. Imréiteach gluaiseachtaí i gCistí

	2007	Tréimhse 24/01/2006 – 31/12/2006
	€	€
Farasbarr na bliana	7,661	34,928
Ranníocaíocht Chaipitiúil	-	154,831
Cistí tosaigh scairshealbhóirí	7,661	189,759
	189,759	-
	197,420	189,759

Ranníocaíocht Chaipitiúil

Deineadh an chuideachta a ionchorprú ar 24 Eanáir 2006 agus tugadh tabhartas de luach €130,730 in airgead agus de luach €24,100 i stoc leabhair ó Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann don gcomhlacht. Bronnadh troscán agus trealamh oifige eile chomh maith agus táthar san áireamh sna ráitis airgeadais ag luach ainmniúil de €1. Is ionann é seo agus ranníocaíocht chaipitiúil iomlán de luach €154,831.

De bharr nádúr na leabhar foilsithe tá na stiúrthóirí den tuairim go ndíoltar an líon is airde leabhair sa dhá bhliain tar éis an dáta foilsithe. Dá bhrí sin tá an tuairim acu gan ach leabhair a foilsíodh laistigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana a thógaint san áireamh sa ranníocaíocht chaipitiúil as na leabhair atá tar éis cur leis an gcuideachta. Tá fuilleach na stoic leabhar a ndéantar foráil ina gcoinne as feidhm nó mall á dhíol.

11. Beartaíochtaí Páirtithe Gaolmhara

Íoctar cúiteamh le stiúrthóirí i gcomhair aon chostaisí tabhaithe agus iad i mbun a ndualgais a chomhlíonadh. Faigheann an Cathaoirleach airgead onóra de luach €10,500 don bhliain. Níor tharla aon bheartaíocht tríú páirtí i rith na bliana.

Aontaíonn an chuideachta le hOifig na nOibreacha Poiblí nach n-íocfar aon chíos ar úsáid spás oifige.

12. Máthairghnóthas

The company is controlled by its Members and the Board of Directors.

13. Ceadú na Ráitis Airgeadais

Bhí na Ráitis Airgeadais ceadaithe ag an mBord ar 19 Feabhra 2008 agus sínithe ar a son ag

James Ivan McGuire
Stiúrthóir

Máire Mac Conghail
Stiúrthóir



Trebar cach conoi a fintid oigi foric

- Prudent is he who maintains his inheritance
entire as he finds it